C/2024/6470

28.10.2024

FÓGRA EARCAÍOCHTA PE/317/2024/S

STIÚRTHÓIR

(Grúpa Feidhme AD, grád 14)

Ard-Stiúrthóireacht na hUachtaránachta – An Stiúrthóireacht um Bainistiú Doiciméad agus um Fhorbairt Sreafaí Oibre Digiteacha

(C/2024/6470)

1. **Folúntas**

Tá cinneadh déanta ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tús a chur leis an nós imeachta chun post mar **Stiúrthóir** (AD, grád 14) a líonadh laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht na hUachtaránachta, an Stiúrthóireacht um Bainistiú Doiciméad agus um Fhorbairt Sreafaí Oibre Digiteacha, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([1]) (dá ngairtear 'na Rialacháin Foirne' anseo feasta).

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin seo, a bhfuil sé d'aidhm aige an rogha is leithne d'iarrthóirí a thabhairt don Údarás Ceapacháin, ag an am céanna leis na nósanna imeachta inmheánacha agus idirinstitiúideacha chun poist a líonadh.

Leagtar síos an luach saothair agus na coinníollacha fostaíochta sna Rialacháin Foirne. Is ar ghrád AD 14 a dhéanfar an earcaíocht sin ([2]). I dteannta an bhuntuarastail, atá faoi réir cáin a théann chun sochair an Aontais agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, tá liúntais áirithe a d'fhéadfaí a íoc leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne.

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí ar an oibleagáid a fhorchuirtear leis na Rialacháin Foirne ar gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí a chur i gcrích go rathúil agus ar an bhfíoras go bhfuil an post seo faoi réir na rialacha maidir leis an mbeartas soghluaisteachta arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2018.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus go ndéanfar teagmháil go rialta le daoine laistigh den Pharlaimint agus lasmuigh di, go háirithe leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Beidh ar an Stiúrthóir turais ghnó a dhéanamh go minic idir ionaid oibre éagsúla na Parlaiminte agus go dtí ionaid eile lasmuigh díobh.

2. **Ionad Fostaíochta**

An Bhruiséil. D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann d'ionaid eile oibre Pharlaimint na hEorpa.

3. **Comhionannas Deiseanna**

Cuireann Parlaimint na hEorpa beartas comhionannais deiseanna i bhfeidhm agus tugann sí an aird is mó ar na hiarratais go léir gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

4. **Cúraimí an phoist**

Mar oifigeach sinsearach, beidh an Stiúrthóir freagrach as na dualgais seo a leanas, de réir na dtreoirlínte agus na gcinntí arna leagan síos ag an údarás parlaiminteach agus ag an Ard-Stiúrthóir ([3]):

— dea-fheidhmiú roinne móire den Ardrúnaíocht a áirithiú ina bhfuil aonaid éagsúla a chumhdaíonn réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, i gcomhréir le beartais na hinstitiúide,

— foirne de ghníomhairí a bhainistiú, a mhaoirsiú, a spreagadh agus a chomhordú - an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na roinne agus caighdeán cáilíochta na seirbhíse (eagrú, bainistiú acmhainní daonna agus buiséid, nuálaíocht etc.) a áirithiú sna réimsí gníomhaíochta,

([1]) Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

([2]) Earcófar an t-oifigeach sa chéim is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 32 de na Rialacháin Foirne.

([3]) Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na bpríomhchúraimí.

— gníomhaíochtaí na Stiúrthóireachta (cuspóirí agus straitéisí a leagan amach) a phleanáil - na cinntí is gá a ghlacadh chun na cuspóirí a bheidh leagtha síos a ghnóthú, measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil chun cáilíocht na seirbhísí sin a ráthú,

— comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an Ard-Rúnaí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sna réimsí gníomhaíochta,

— comhoibriú leis na Stiúrthóireachtaí éagsúla san Ardrúnaíocht, ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid agus conarthaí nó comhaontuithe a chaibidliú sna réimsí gníomhaíochta,

— tionscadail shonracha a bhféadfadh freagrachtaí airgeadais a bheith ag gabháil leo a bhainistiú agus a thabhairt chun críche,

— feidhmeanna oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean a fheidhmiú.

5. **Incháilitheacht**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach:

a) *Coinníollacha ginearálta*

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór duit:

— a bheith i do náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ([4]),

— do lánchearta mar shaoránach a bheith á dteachtadh agat,

— do dhualgais a bheith comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí,

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith agat is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

b) *Coinníollacha sonracha*

i) Cáilíochtaí a éilítear

— nuair is é ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais,

nó

— nuair is é trí bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de na Ballstáit, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad ([5]) i ndiaidh na céime.

Maidir leis na céimeanna, cibé acu i mBallstát nó i dtír eile a bhronntar iad, ní mór iad a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail Aireacht Oideachais Ballstáit den Aontas Eorpach.

Na hiarrthóirí a bhfuil céimeanna acu a bhronn Stát nach Ballstát den Aontas Eorpach é ([6]), ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi aitheantas do cháilíochtaí a fuarthas i dtríú tír faoi chuimsiú líonraí ENIC-NARIC, téigh chuig an suíomh https://www.enic-naric.net/.

([4]) Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, an Ungáir.

([5]) Ní chuirfear an bhliain sin de thaithí san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa chéad fhleasc eile den mhír seo.

([6]) Glactar le cáilíochtaí/céimeanna de chuid na Breataine a fuarthas go dtí an 31/12/2020 gan tuilleadh aitheantais. I gcás céimeanna a fuarthas tar éis an dáta sin, tá aitheantas NARIC ag teastáil. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin, i gcás céimeanna de chuid na Breataine agus a eisíodh ón 1 Eanáir 2021, nach mór doiciméad coibhéiseach, a d'eisigh údarás inniúil i mBallstát reatha de chuid an Aontais Eorpaigh, a bheith ag gabháil leo.

ii) An taithí ghairmiúil atá riachtanach

Taithí ghairmiúil a bheith bainte amach tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bhaint amach:

— **dhá bhliain déag**, agus cuid di ar a laghad déanta i réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, agus lena gcuimsítear an méid seo a leanas:

  — **sé bliana** ar a laghad i dtimpeallacht Eorpach agus/nó idirnáisiúnta, agus

  — **sé bliana** ar a laghad ar leibhéal bainistíochta i roinn mhór.

iii) Eolas ar theangacha

Ní mór eolas sármhaith a bheith ag na hiarrthóirí ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([7]), agus eolas an-mhaith a bheith acu ar cheann amháin eile ar a laghad de na teangacha sin.

Tabharfaidh an Coiste Comhairleach aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

6. **Trialacha**

Chun cabhrú leis an Údarás Ceapacháin a rogha a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Comhairleach um Oifigigh Shinsearacha a Cheapadh liosta iarrthóirí a dhréachtú agus molfaidh sé do Bhiúró Pharlaimint na hEorpa cé hiad na daoine a nglaofar orthu chun agallaimh. Glacfaidh an Biúró an liosta, agus déanamh an Coiste na hagallaimh a reáchtáil agus cuirfidh sé a thuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Bhiúró le haghaidh cinnidh. Ag an gcéim sin, féadfaidh an Biúró na hiarrthóirí a chur faoi agallamh.

Beidh na hagallaimh bunaithe ar an gcur síos ar chúraimí an phoist, mar a shonraítear faoi phointe 4 den fhógra seo iad, agus ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

— bua na straitéise,

— cumas bainistíochta,

— cumas pleanála chun cinn,

— cumas freagairt d'athruithe,

— críochnúlacht,

— cumas cumarsáide.

7. **Iarratais a chur isteach**

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná

Dé Luain, an 11 Samhain 2024, ar 12:00 (meán lae), am na Bruiséile.

Iarrtar ar iarrthóirí litir inspreagtha a sheoladh i bhfoirm ríomhphoist amháin, agus an litir sin curtha i bhformáid PDF (faoi bhráid Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa, fógra earcaíochta PE/317/2024/S), agus *curriculum vitae* a sheoladh i bhformáid Europass ([8]), ina léirítear tagairt an fhógra (PE/317/2024/S) in ábhar na teachtaireachta chuig an seoladh seo a leanas:

PERS-EPSeniorManagement@ep.europa.eu

agus is é dáta agus am seolta an ríomhphoist a bheidh mar fhianú air.

Is faoi na hiarrthóirí a bheidh sé a dheimhniú go mbeidh gach doiciméad scanta inléite.

Ní mór do na hiarrthóirí a gheobhaidh glao chun agallaimh, faoi dháta an agallaimh, na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a thabhairt ar aird, agus na doiciméid sin a bheith i bhfoirm cóipeanna nó fótachóipeanna amháin ([9]). Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais do na hiarrthóirí.

([7]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

([8]) https://europa.eu/europass/.

([9]) Ní bhaineann sé seo leis na hiarrthóirí atá ag obair do Pharlaimint na hEorpa ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais. Is faoi na hiarrthóirí atá sé a áirithiú go mbeidh an comhad iomlán a chomhfhreagraíonn dá n-iarratas againn (i gcás doiciméid ábhartha gan bheith ar fáil ar an tairseach HRM (Streamline)).

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh na hiarrthóirí in iúl faoin nós imeachta roghnúcháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

ARD-STIÚRTHÓIREACHT na hUACHTARÁNACHTA

An Stiúrthóireacht um Bainistiú Doiciméad agus um Fhorbairt Sreafaí Oibre Digiteacha

Príomhchúraimí

— Cúnamh a thabhairt don Leas-Ard-Rúnaí a dhualgais a chomhlíonadh;

— Treorú, comhordú agus maoirsiú aonaid na Stiúrthóireachta a áirithiú i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme agus de mheon na seirbhíse do chustaiméirí d'fhonn chuspóirí na hArd-Stiúrthóireachta a bhaint amach;

— Déileáil le post oifigiúil na Parlaiminte agus le post an Uachtaráin (clárú, achoimre agus sannadh, tacú le húsáideoirí sa chur i bhfeidhm maidir le post a chlárú, rannchuidiú gníomhach leis na trialacha a bhaineann leis an mbainistiú ar dhoiciméid a chuirfear i bhfeidhm amach anseo);

— Bainistiú a dhéanamh ar gach gné a bhaineann le clárú, stóráil, bainistiú rochtana, innéacsú agus cartlannú faisnéise rúnaicmithe;

— Cartlanna a phróiseáil, doiciméid/comhaid a chaomhnú i gcartlanna mar chruthúnas ar ghníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa;

— Feidhmeanna oifigigh údarúcháin trí fhotharmligean a fheidhmiú.

AN tAONAD UM POST OIFIGIÚIL

— Déileáil le post oifigiúil na Parlaiminte agus le post an Uachtaráin (clárú, achoimre agus leithdháileadh, tacú le húsáideoirí GEDA maidir le post a chlárú);

— An post a thagann chuig an institiúid a ghlacadh agus a sheachadadh (fíorú, an post a sheoltar idir foirgnimh, idir shuíomhanna agus an post idirinstitiúideach a shórtáil agus a sheoladh, clárú beartán agus poist chláraithe, seirbhís do chustaiméirí);

— Déileáil leis bpost a sheoltar ón institiúid (clárú, postas, mearphost) agus bainistiú ar sheoladh an phoist dhiúltaithe a áirithiú;

— Rannchuidiú leis an bhforbairt ar uirlisí bunriachtanacha TF (TrackInside 2, etc.);

— Nuashonrú a dhéanamh ar an eolas atá ar fáil do chustaiméirí ar na meáin éagsúla (PRESnet, INTRANET, Windows, etc.);

— An bhainistíocht bhuiséadach a bhaineann leis an bpost a áirithiú.

AN tAONAD UM FHAISNÉIS RÚNAICMITHE

— Bainistiú a dhéanamh ar gach gné a bhaineann le clárú, stóráil, bainistiú rochtana, innéacsú agus cartlannú faisnéise rúnaicmithe chun críche comhairliúcháin;

— A áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Aibreán 2013 a mhéid a bhaineann na rialacha is infheidhme maidir leis an gcaoi a ndéileálann Parlaimint na hEorpa le faisnéis rúnda agus na comhaontuithe idirinstitiúideacha maidir le tarchur faisnéise rúnaicmithe;

— Saoráidí slána a bhainistiú, lena n-áirítear na hoiriúnuithe is gá ar nósanna imeachta slándála oibríochtúla a dhréachtú;

— Bearta slándála éigeantacha i gcás faisnéis rúnaicmithe a chur i láthair i gcomhar le hAonad um Measúnú Riosca na hArd-Stiúrthóireachta um Shlándáil agus Sábháilteacht;

— Na sonraí a bhailiú chun na staitisticí a tháirgeadh agus an tuarascáil bhliantúil atá le cur faoi bhráid an Bhiúró ag Ard-Rúnaí na Parlaiminte a dhréachtú;

— Cúnamh a thabhairt don Ard-Rúnaí an cinneadh ón mBiúró a chur chun feidhme agus na hoiriúnuithe is gá a mholadh a chuirfear ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh cinnidh;

— An tacaíocht a iarrtar le linn na caibidlíochta ar chomhaontuithe idirinstitiúideacha agus na rialacha maidir le tarchur faisnéise rúnaicmithe a sholáthar.

AN tAONAD UM AN gCARTLANN

— Déileáil le cartlanna chun a sláine agus a n-inléiteacht le himeacht ama a áirithiú ar mhaithe le cuimhne Pharlaimint na hEorpa a chaomhnú;

— Doiciméid/comhaid a choinneáil sna cartlanna mar fhianaise ar ghníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa chun a shuí go bhfuil a hoibleagáidí dlíthiúla á gcomhlíonadh aici;

— Cartlannú digiteach a dhéanamh chun sláine agus inléiteacht na gcartlann digiteach le himeacht ama a áirithiú;

— An bainistiú ar an gcóras faisnéise cartlainne agus a chomhtháthú i gcóras faisnéise Pharlaimint na hEorpa a áirithiú, na cartlanna teagmhálacha a chur ar fáil ar líne, spásanna stórála digiteacha agus formáidí stórála a bhainistiú;

— Tábhacht na gcartlann a mhéadú trí aon mheán eile ó thaobh ábhar doiciméadach, eagarthóireachta nó acadúil de a scaipeadh (foilseacháin, taispeántais, imeachtaí, seisiúin eolais), taighde doiciméadach agus fáiltiú roimh thaighdeoirí;

AN tAONAD UM BAINISTIÚ DOICIMÉAD

— Comhoibriú chun an córas leictreonach bainistithe doiciméad a bheidh ann amach anseo i bParlaimint na hEorpa a ullmhú, feidhmiúlachtaí a anailísiú agus idirchaidreamh a dhéanamh le húsáideoirí;

— Modheolaíocht a bhunú chun bainistíocht doiciméad a ionchorprú sa chéim thosaigh den anailís ar phróisis ghnó, mar ullmhúchán dá ndigitiú (tionscadal Bainistíochta Doiciméad trí Dhearadh SEF);

— Tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Stiúrtha Idir-AS maidir le Bainistiú Doiciméad (GIDOC);

— Saineolas ar bhainistiú doiciméad a chur ar fáil do sheirbhísí sonracha agus do thionscadail shonracha de chuid Pharlaimint na hEorpa.